BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

16 Eanáir 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Aontas Custaim – Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 – Cód Custaim an Aontais – Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 – Saorchriosanna – Athrú stádas custaim earraí nach earraí de chuid an Aontais iad go earraí de chuid an Aontais – Taifid an tsealbhóra údaraithe chun gníomhaíochtaí a dhéanamh i saorchrios – Ionchas dhlisteanach – *Res judicata*)

I gCás C-376/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Augstākā tiesa (an Chúirt Uachtarach, an Laitvia), trí bhreith an 14 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 15 Meitheamh 2023, sna himeachtaí

‘BALTIC CONTAINER TERMINAL’ SIA

v

Valsts ieņēmumu dienests,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, D. Gratsias (Rapóirtéir) agus E. Regan, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta ó bhéal,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– ‘BALTIC CONTAINER TERMINAL’ SIA, ag D. Kiseļevs agus A. Zieds, valdes locekļi,

– Rialtas na Laitvia, ag E. Bārdiņš, J. Davidoviča agus K. Pommere, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag E. Kalniņš agus F. Moro, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Laitvis.

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 11 Iúil 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léiriú:

– Airteagal 79(1)(a) agus (3)(a), Airteagal 214(1) agus Airteagal 215(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2013 L 269, lch. 1; 'Cód Custaim an Aontais');

– Airteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO 2015 L 343, lch. 1), agus

– prionsabail ghinearálta an ionchais dhlisteanaigh agus *res judicata* a chosaint.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir SIA 'BALTIC CONTAINER TERMINAL' ('Baltic Container') agus Valsts ieņēmumu dienests (Údarás Cánach, an Laitvia) maidir le dleachtanna allmhairiúcháin agus cáin bhreisluacha (CBL) a íoc i ndáil le hearraí a thagann amach as saorchrios chalafort Ríge (an Laitvia).

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Cód Custaim an Aontais

3 Foráiltear le hAirteagal 5 de Chód Custaim an Aontais, dar teideal 'Sainmhínithe' mar seo a leanas:

'Chun críocha an Chóid, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(12) ciallaíonn "dearbhú custaim" an gníomh trína gcuireann duine a mhian in iúl, san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh forordaithe, earraí a chur faoi nós imeachta custaim áirithe, maille le sonraí, más iomchuí, faoi cibé socruithe faoi leith a bheidh le cur i bhfeidhm;

[...]

(16) ciallaíonn "nós imeachta custaim" aon cheann de na nósanna imeachta seo a leanas faoina bhféadfar earraí a chur i gcomhréir leis an gCód:
(a) scaoileadh i saorchúrsaíocht;
(b) nósanna imeachta speisialta;
(c) onnmhairiú;

[…]

(22) ciallaíonn “stádas custaim” stádas earraí mar earraí de chuid an Aontais nó mar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad;

(23) ciallaíonn “earraí de chuid an Aontais” earraí a thagann faoi aon cheann de na catagóirí a leanas:
(a) earraí a fhaightear go hiomlán i gcríoch chustaim an Aontais [Eorpaigh] agus nach n-ionchorpraítear iontu earraí a allmhairítear ó thíortha nó ó chríocha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais;
(b) earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais as tíortha nó as críocha lasmuigh den chríoch sin agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht;

[…]

(24) ciallaíonn “earraí nach earraí de chuid an Aontais iad” earraí seachas na hearraí dá dtagraítear i bpointe 23 nó earraí a bhfuil a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais caillte acu;

[…]’

4 Foráiltear le hAirteagal 79 den Chód sin, dar teideal ‘Fiach Custaim a thabhaítear trí neamhchomhlíonadh’:

‘1. Maidir le hearraí ar a ndlitear dleacht ar allmhairí, tabhófar fiach custaim i dtaca le hallmhairiú trí neamhchomhlíonadh aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) ceann de na hoibleagáidí a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim i ndáil le tabhairt isteach earraí nach earraí de chuid an Aontais iad i gcríoch chustaim an Aontais, i ndáil le maoirseacht chustaim a bhaint díobh nó i ndáil le gluaiseacht, próiseáil, stóráil, stóráil shealadach, ligean isteach sealadach nó diúscairt earraí den sórt sin laistigh den chríoch sin;

[…]

3. I gcásanna dá dtagraítear faoi phointí (a) agus (b) de mhír 1, is duine díobh seo a leanas a bheidh ina fhéichiúnaí:

(a) aon duine a gceanglófar air na hoibleagáidí lena mbaineann a chomhlíonadh;

[…]’

5 Foráiltear le hAirteagal 158(1) den Chód sin, dar teideal ‘Dearbhú custaim maidir le hearraí agus maoirseacht chustaim ar earraí de chuid an Aontais’:

‘Folófar na hearraí uile a bheartaítear a chur faoi nós imeachta custaim, seachas an nós imeachta saorchreasa, le dearbhú custaim a bheidh iomchuí don nós imeachta áirithe sin.’

6 Foráiltear le hAirteagal 188 den Chód sin, dar teideal ‘Dearbhú custaim a fhíorú’:

Chun cruinneas na sonraí atá i ndearbhú ar glacadh leis a fhíorú, féadfaidh na húdaráis chustaim:

(a) scrúdú a dhéanamh ar an dearbhú agus ar na doiciméid tacaíochta uile;

(b) éileamh a dhéanamh go gcuirfidh an dearbhóir doiciméid eile ar fáil;

(c) scrúdú a dhéanamh ar na hearraí;

(d) samplaí a thógáil le haghaidh anailíse nó le haghaidh mionscrúdú a dhéanamh ar na hearraí.’

7 Foráiltear le hAirteagal 201 den Chód sin, dar teideal ‘Raon feidhme agus éifeacht’, atá mar chuid de Theideal VI de, dar teideal ‘Scaoileadh i saorchúrsaíocht agus díolúine ó dhleachtanna ar allmhairí’:

‘1. Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais nó a bheartaítear d’úsáid phríobháideach nó do thomhailt phríobháideach laistigh de chríoch custaim an Aontais, scaoilfear i saorchúrsaíocht iad.

2. Béarfaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht an méid seo a leanas:

(a) aon dleacht ar allmhairí a bheidh dlite a bhailiú;

(b) muirir eile, amhail dá bhforáiltear faoi na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm maidir le bailiú na muirear sin a bhailiú, de réir mar is cuí;

[...]

3. Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a scaoilfear i saorchúrsaíocht, bronnfar stádas custaim earraí de chuid an Aontais orthu.’

8 Baineann Teideal VII den chód sin le nósanna imeachta speisialta. Leagtar síos i gCaibidil I de Theideal VII, ina bhfuil Airteagail 210 go 225 den Chód sin, na forálacha ginearálta a bhaineann leis na nósanna imeachta speisialta sin.

9 Foráiltear le hAirteagal 210 den Chód sin, dar teideal ‘Raon feidhme’:

‘Féadfar earraí a chur faoi aon cheann de na catagóirí nósanna imeachta a leanas:

[...]

(b) stóráil, lena gcuimseofar stórasú ag custam agus saorchriosanna;

[...]’

10 Seo a leanas foclaíocht Airteagal 211(1)(b) den Chód sin:

‘Ceanglófar údarú ó na húdaráis chustaim don mhéid seo a leanas:

[…]

(b) áiseanna stórála a oibriú stórasú earraí ag custam, ach amháin i gcás inarb é an t-údarás custaim féin an t-oibreoir.’

11 Foráiltear le hAirteagal 214 de Chód Custaim an Aontais, dar teideal ‘Taifid’:

‘1. Seachas i gcás an nós imeachta idirthurais nó i gcás ina bhforálfar a mhalairt coinneoidh sealbhóir an údaraithe, sealbhóir an nós imeachta, agus na daoine uile atá i mbun gníomhaíochta a bhaineann le stóráil, le hoibriú nó le próiseáil earraí, nó le díol nó ceannach earraí i saorchriosanna, taifid iomchuí i bhfoirm a cheadóidh na húdaráis chustaim.

Sna taifid beidh faisnéis agus sonraí a chuireann ar chumas na n-údarás custaim maoirseacht a dhéanamh ar an nós imeachta lena mbaineann, go háirithe i dtaca le sainaithint na n-earraí a chuirfear faoin nós imeachta sin, a stádas custaim agus a ngluaiseachtaí.

[…]’

12 Foráiltear le hAirteagal 215 den Chód sin, dar teideal ‘Urscaoileadh nós imeachta speisialta’:

‘1. I gcásanna seachas an nós imeachta idirthurais agus gan dochar d’Airteagal 254, urscaoilfear nós imeachta speisialta nuair a chuirfear na hearraí a cuireadh faoin nós imeachta, nó na táirgí próiseáilte, faoi nós imeachta custaim ina dhiaidh sin, nó nuair a bheidh siad tógtha amach as críoch custaim an Aontais, nó nuair a bheidh siad scriosta agus gan aon dramhaíl fágtha ina ndiaidh, nó nuair a thréigfear leis an Stát iad i gcomhréir le hAirteagal 199.

[…]’

13 Faoi Airteagal 247 den Chód sin, dar teideal ‘Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad i saorchriosanna’:

‘1. Fad a bheidh siad i saorchrios, féadfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a chur faoin nós imeachta próiseála isteach, faoin nós imeachta um chead isteach sealadach nó faoin nós imeachta úsáide deiridh, faoi na coinníollacha a leagtar síos le haghaidh na nósanna sin.

I gcásanna den sórt sin ní mheasfar na hearraí a bheith faoin nós imeachta saorchreasa.

[…]’

Rialachán Tarmligthe 2015/2446

14 Foráiltear le hAirteagal 1 de Threoir 2015/2446, dar teideal ‘Sainmhínithe’ mar seo a leanas:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(22) “máistir-uimhir thagartha” (*master reference number* — MRN): an uimhir chlárúcháin a shann an t-údarás inniúil custaim do na dearbhuithe nó do na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 5(9) go (14) de [Chód Custaim an Aontais], d’oibríochtaí TIR nó do chruthúnais ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais;

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 I Roinn 3 de Chaibidil 1 de Theideal V den Rialachán Tarmligthe sin, ina bhfuil Airteagail 123 go 127, bunaítear na rialacha maidir le cruthúnas stádas custaim earraí de chuid an Aontais. De réir na nAirteagal sin, féadfar cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a sholáthar trí dhoiciméad ‘T2L’ nó ‘T2LF’, trí shonrasc nó trí dhoiciméad iompair ina sonraítear an cód ‘T2L’ nó ‘T2LF’ agus síniú an choinsíneora nó, ina éagmais sin, síniú an duine lena mbaineann, lastliosta loinge nó Carnets TIR, ATA agus ‘foirmeacha 302’ a bhaineann le hiompar earraí i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún idir na Stáit is Páirtithe i gConradh an Atlantaigh Thuaidh ar Stádas a bhFórsaí, arna shíniú i Londain an 19 Meitheamh 1951.

16 Foráiltear le hAirteagal 178 den Rialachán Tarmligthe sin, dar teideal ‘Taifid’:

‘1. Beidh an méid seo a leanas sna taifid dá dtagraítear in Airteagal 214(1) de [Chód Custaim an Aontais]:

[...]

(b) MRN (máistir-uimhir thagartha) nó, i gcás nach ann dó, aon uimhir nó cód eile lena sainaithnítear na dearbhuithe custaim lena gcuirtear na hearraí faoin nós imeachta speisialta agus, i gcás ina n-urscaoiltear an nós imeachta i gcomhréir le hAirteagal 215(1) de [Chód Custaim an Aontais], faisnéis faoin gcaoi ar urscaoileadh an nós imeachta;

(c) sonraí lenar féidir doiciméid chustaim seachas dearbhuithe custaim a shainaithint gan aon amhras, aon doiciméid eile atá ábhartha maidir le hearraí a chur faoi nós imeachta speisialta agus aon doiciméid eile ábhartha maidir le hurscaoileadh comhfhreagrach an nós imeachta;

[...]

2. I gcás saorchriosanna, beidh an méid seo a leanas sna taifid, i dteannta na faisnéise dá bhforáiltear i mír 1:

(a) sonraí lena sainaithnítear na doiciméid iompair le haghaidh na n-earraí a thagann isteach sna saorchriosanna nó a thagann amach astu;

[...]

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim an oibleagáid maidir le cuid den fhaisnéis dá bhforáiltear i mír 1 agus i mír 2 a sholáthar a tharscaoileadh i gcás nach ndéanfaidh sé sin dochar do mhaoirseacht chustaim ná do rialuithe custaim ar úsáid nós imeachta speisialta.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447

17 Foráiltear le hAirteagal 226 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais (IO 2015 L 343, lch. 558), dar teideal 'Máistir-uimhir thagartha' agus lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 172 de Chód Custaim an Aontais, dar teideal 'Dearbhú custaim a ghlacadh' mar seo a leanas:

'Ach amháin i gcásanna ina dtaiscfear an dearbhú custaim ó bhéal nó trí ghníomh a mheastar a bheith ina dhearbhú custaim, nó i gcás ina mbeidh an dearbhú custaim i bhfoirm iontrála i dtaifid an dearbhóra i gcomhréir le hAirteagal 182 de [Chód Custaim an Aontais], tabharfaidh na húdaráis chustaim fógra don dearbhóir gur glacadh leis an dearbhú custaim agus cuirfidh siad MRN don dearbhú sin agus an dáta ar glacadh leis ar fáil dó.

Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo go dtí na dátaí faoi seach a bhaineann le himscaradh an (Chórais Onnmhairiúcháin Uathoibrithe (AES)) agus an (Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais (NCTS)) agus le huasghrádú na gcóras náisiúnta allmhairiúcháin dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/255/AE [ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 lena mbunaítear an clár oibre do Chód Custaim an Aontais (IO 2014 L 134, lch. 46)].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Laitvia

Foraithne Uimh. 500 ó Chomhairle na nAirí maidir le stórais chustaim, stóráil shealadach agus saorchriosanna

18 Foráiltear le mír 77 den Ministru kabineta noteikumi Nr. 500 'Muitas noliktavu, pagaidu uzglabāšanas un brīvo zonu noteikumi' (Foraithne Uimh. 500 ó Chomhairle na nAirí maidir le stórais chustaim, stóráil shealadach agus saorchriosanna) an 22 Lúnasa 2017 (Latvijas Vēstnesis, 2017, Uimh. 173):

'Áiritheoidh an duine sa saorchrios, ina ndéantar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a stóráil, a phróiseáil, a dhíol nó a cheannach, go ndéanfar na hearraí a stóráiltear sa saorchrios a thaifid agus go sainaithneofar iad.'

19 Faoi phointe 79 den fhoraithne sin

‘Ní mór don duine lena mbaineann tuairisc mhíosúil a chur isteach, laistigh den teorainn ama a shonraítear san fhormheas, maidir leis na hearraí nach earraí de chuid an Aontais iad arna dtabhairt isteach sa saorchrios agus amach as, agus a iontrálfar sna taifid le linn na míosa roimhe sin, lena léirítear uimhir an doiciméid custaim nó uimhir an bhille iompair faoinar tugadh na hearraí isteach sa saorchrios agus amach as nó rochtain ar líne a sholáthar ar an gcóras taifeadta earraí d’oifigigh chánach.’

An Dlí maidir le nós imeachta riaracháin

20 Foráiltear le hAirteagal 153(3) den Administratīvā procesa likums (Dlí maidir le nós imeachta riaracháin) an 25 Deireadh Fómhair 2001 (Latvijas Vēstnesis, 2001, Uimh. 164):

‘Ní gá fíoras arna bhunú le breithiúnas a tháinig chun a bheith críochnaitheach ina chuid réasúnaithe a chruthú arís i nós imeachta riaracháin a bhaineann leis na páirtithe céanna.’

An Dlí maidir le cumhacht na mBreithiúna

21 Foráiltear le hAirteagal 16(3) agus (4) de Likums ‘Par tiesu varu’ (an Dlí maidir le cumhacht na mBreithiúna) an 15 Nollaig 1992 (Latvijas Vēstnesis, 1993, Uimh. 1/2):

‘(3) Cuirtear an breitheamh faoi cheangal ag an gcinneadh agus díospóidí eile a bhaineann leis an gcás á mbreithniú, i gcomhréir leis na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí.

(4) Tá feidhm dlí ag cinneadh den sórt sin, beidh sé ina cheangal ar gach duine agus ní mór é a urramú de réir mar a dhéantar an dlí a urramú.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

22 Tá údarú ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí, Baltic Container, chun gníomhaíochtaí luchtaithe, díluchtaithe agus stórála earraí a dhéanamh i saorchrios chalafort Ríge. D’fhormheas na húdaráis chánach na taifid, de réir bhrí Airteagal 214 de Chód Custaim an Aontais, ina gcláraíonn Baltic Container na hearraí a chuirtear i saorchrios.

23 I gcomhthéacs iniúchadh ar thaifeadadh na n-earraí a cuireadh i saorchrios, bhí na húdaráis chánach den tuairim gur tháinig earraí áirithe nach earraí de chuid an Aontais iad, de réir bhrí Airteagal 5(24) de Chód Custaim an Aontais, sa chás seo ciseáin ratáin plaistigh, isteach sa saorchrios ar an bhfarraige i dtrí choimeádán an 2 Deireadh Fómhair 2018, an 18 Nollaig 2018 agus an 15 Eanáir 2019 agus a iontráladh i dtaifid Baltic Container, a d’fhág saorchrios Ríge an 2 Deireadh Fómhair 2018, an 18 Nollaig 2018 agus an 17 Eanáir 2019 gan nós imeachta custaim nua a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, níor urscaoileadh an nós imeachta custaim speisialta le haghaidh stóráil i saorchrios. Tháinig an t-údarás cánach ar an gconclúid gur baineadh na hearraí atá i gceist ó mhaoirseacht chustaim, as ar eascair, de réir an údaráis sin, fiach custaim i gcoinne Baltic Container faoi Airteagal 79 de Chód Custaim an Aontais.

24 Le cinneadh an 19 Iúil 2019, d’ordaigh an t-údarás cánach do Baltic Container dleachtanna ar allmhairí, CBL agus pionós ar íocaíocht dhéanach a bhaineann leis an dá cháin sin a íoc.

25 Le breithiúnas an 9 Iúil 2021, dhiúltaigh an Administratīvā apgabaltiesa (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin, an Laitvia) do chaingean Baltic Container i gcoinne an chinnidh sin a mhéid a bhain sé le dleachtanna allmhairiúcháin agus CBL. Thug an chúirt sin dá haire gur fhág na hearraí atá i gceist an saorchrios lena mbaineann ar bhonn trí bhille iompair a dréachtaíodh i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an gConradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar, a síníodh sa Ghinéiv an 19 Bealtaine 1956, arna leasú le Prótacal an 5 Iúil 1978, inar léiríodh stádas custaim na n-earraí sin leis an gcomhartha 'C', a úsáidtear chun 'earraí de chuid an Aontais' a ainmniú de réir bhrí Airteagal 5(23) de Chód Custaim an Aontais, a deimhníodh leis an stampa custaim agus le síniú oifigigh údaráis custaim ('billí iompair CMR'). Tar éis do na hearraí sin an saorchrios sin a fhágáil, áfach, chinn na hoifigigh chustaim nach raibh na doiciméid acu a thug údar lena stádas custaim a athrú ó stádas custaim 'earraí nach earraí de chuid an Aontais iad' go 'earraí de chuid an Aontais'.

26 Is léir ó na rialacha is infheidhme nach bhféadfaidh bille iompair CMR a bheith ina chruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais ach amháin i gcás earraí a bhfuil an stádas sin acu cheana féin agus ní i ndáil le hearraí a fhaigheann é tar éis athrú. D'fhéadfaí athrú stádais custaim den sórt sin a chruthú trí dhearbhú custaim ina luaitear MRN nó bille iompair ina luaitear MRN a shanntar do dhearbhú custaim den sórt sin freisin. Dá réir sin, ní féidir le tásc lámhscríofa lena léirítear 'stádas C', síniú agus stampa atá greamaithe de bhille iompair CMR, in éagmais tagairt do MRN lena gcumasaítear nós imeachta custaim a chur i bhfeidhm lena dtugtar an stádas custaim sin d'earraí nach earraí de chuid an Aontais iad, a bheith ina chruthúnas ar an athrú ar an stádas sin go 'earraí de chuid an Aontais'.

27 Rinne Baltic Container achomharc ar phointe dlí i gcoinne bhreithiúnas an 9 Iúil 2021, dá dtagraítear i mír 25 den bhreithiúnas seo, os comhair an Augstākā tiesa (Senāts) (an Chúirt Uachtarach, an Laitvia), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

28 Mar thaca leis an achomharc sin, áitíonn Baltic Container nár sháraigh sé aon oibleagáid dhlíthiúil mar shealbhóir údaraithe chun gníomhaíochtaí a dhéanamh i saorchrios ('an sealbhóir'), nár ghlac sé páirt go feasach i dtabhairt amach neamhdhleathach na n-earraí atá i gceist ón saorchrios lena mbaineann agus nach raibh sé ar an eolas faoi chineál neamhdhleathach an tabhairt amach sin agus nach bhféadfadh sé a bheith ar an eolas faoi. Chuir sé na hearraí sin isteach ina thaifid, i gcomhréir leis an bhformheas arna eisiúint ag na húdaráis chánach, agus thug sé iad don iompróir i gcomhréir le billí iompair CMR, ar a bhfuil an stampa custaim agus ráiteas sínithe ó oifigeach custaim ina luaitear gurbh é stádas custaim earraí de chuid an Aontais stádas custaim na n-earraí sin, rud atá comhsheasmhach leis an gcleachtas custaim. Dá bhrí sin, tá sé de cheart ag Baltic Container a bheith ag súil go gcomhlíonfar an nós imeachta custaim speisialta le haghaidh stórála i saorchrios faoinar cuireadh na hearraí sin.

29 Braitheann Baltic Container freisin ar bhreithiúnas ó Rīgas apgabaltiesas Krimināllietu tiesas kolēģija (Cúirt Réigiúnach Ríge, an Rannán Coiriúil, an Laitvia) an 5 Feabhra 2021, lenar chuir an chúirt sin na pionóis riaracháin a forchuireadh ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí ar neamhní i bhfoirm pionós mar gheall ar na fíorais chéanna leo siúd atá i gceist sa chás seo. De réir an bhreithiúnais sin, níor sháraigh Baltic Container Airteagal 215(1) de Chód Custaim an Aontais, ós rud é nár aistrigh sé na hearraí lena mbaineann ón saorchrios lena mbaineann sular chuir sé nós imeachta custaim nua i bhfeidhm. Go háirithe, dhearbhaigh an chúirt sin nach raibh aon chúis lena mheas nár leor bille iompair CMR ar a raibh 'stádas C' agus ar a raibh an stampa custaim agus síniú oifigigh údaráis custaim chun na hearraí sin a chur faoi nós imeachta custaim

nua. Chinn an chúirt chéanna freisin go raibh cleachtas custaim ann lenar cuireadh na hearraí faoi nós imeachta custaim nua nuair a marcáladh bille iompair CMR ábhartha le ‘stádas C’, arna dheimhniú le stampa na hoifige custaim.

30 Áitíonn an t-údarás cánach, nuair a baineadh na hearraí atá i gceist ón saorchrios lena mbaineann, nár áirithigh Baltic Container gur cuireadh faoi nós imeachta custaim nua iad nó nár áirigh sé, ina thaifid, an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 178(1)(b) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446. De réir an Riaracháin Cánach, ní féidir a stádas custaim mar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a athrú ach amháin trí nós imeachta custaim nua a chur i bhfeidhm tar éis dearbhú custaim a shainaithnítear trí MRN a thaisceadh. Dá bhrí sin, ba cheart do Baltic Container MRN a lua ina thaifid lena bhféadfaí an dearbhú custaim as ar eascair an t-athrú ar stádas custaim na n-earraí atá i gceist ó earraí nach earraí de chuid an Aontais iad go hearraí de chuid an Aontais a shainaithint, ós rud é nár leor an nóta ‘stádas C’ atá ar bhillí iompair CMR chun na críche sin.

31 Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur an féidir le Baltic Container stádas custaim na n-earraí atá i gceist a sheiceáil ar bhonn MRN atá ar bhillí iompair CMR agus barántúlacht doiciméid T2L a fhíorú, ar a bhonn a d’fhéadfadh údarás custaim Ballstáit eile an stádas sin a athrú, ós rud é nach bhfuil sé cinnte go raibh rochtain ag an gcuideachta sin ar na bunachair sonraí is gá chun na críche sin. Thairis sin, tráth na n-idirbheart atá i gceist sna príomhimeachtaí, is éard a bhí i gceist le cleachtas na n-údarás cánach ná na hearraí uile de chuid an Aontais a chur faoi réir rialú custaim breise sula bhfágfaí an limistéar calafoirt lena mbaineann, agus bhí nóta maidir leis an stádas custaim sin arna shíniú ag oifigeach údaráis custaim ar a bhfuil stampa an phointe rialaithe custaim le fáil i mbillí iompair CMR mar chruthúnas ar stádas custaim earraí an Aontais.

32 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin, de réir an ghnímh formheasa ag údaráis chustaim na Laitvia, maidir le foirm na dtaifead arna gcoimeád ag Baltic Container, nach mór dó iad a choinneáil i gcóras ar líne agus ligean do na húdaráis chustaim sin rochtain a fháil ar an gcóras sin. Ba cheart do Baltic Container, de réir an ghnímh formheasa sin, na bundoiciméid nó cóipeanna de na doiciméid iompair a ghabhann leis na hearraí a thugtar isteach sa saorchrios lena mbaineann agus a thugtar amach as a choinneáil. Má thugtar na hearraí sin isteach sa saorchrios sin nó má aistrítear amach as iad trí dhearbhú custaim nó dearbhú ath-onnmhairithe ina luaitear MRN a tharraingt suas, ní cheanglaítear ar Baltic Container, mar shealbhóir, cóipeanna den MRN sin a choinneáil le haghaidh na n-earraí sin. Chun dúbláil faisnéise i mbunachair sonraí custaim agus críochfoirt a sheachaint, leasaíodh an gníomh formheasa sin ina dhiaidh sin chun foráil a dhéanamh, i gcás inar dearbhaíodh coinsíneacht nó inar cuireadh coinsíneacht faoi nós imeachta custaim agus inar sannadh MRN di, nach gá cóipeanna de na doiciméid iompair a choinneáil.

33 Bhí an chúirt a rinne an tarchur den tuairim, sna himthosca sin, gur ghá a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a thabhairt ar reachtaíocht chustaim an Aontais maidir leis na coinníollacha chun an nós imeachta custaim stórála i saorchrios a urscaoileadh agus na hoibleagáidí atá ar ghnóthas amhail Baltic Container maidir leis an bhfaisnéis atá le coinneáil ina thaifead leis an bhfíorú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar athrú ar stádas custaim. I gcás ina bhfuil rialacha custaim an Aontais le léiriú sa chaoi nach féidir athrú ar an stádas custaim a dhéanamh i gcomhréir leis na modhanna arna gcur chun feidhme ag Baltic Container, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin an bhféadfadh sé ionchas dlisteanach a bhunú ar chleachtas na n-údarás custaim faoina ndéantar stádas custaim earraí a fhágann saorchrios a léiriú i mbillí iompair CMR.

34 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin an gcuirtear cosc le prionsabal *res judicata*, a aithnítear sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais, teacht ar chonclúidí atá éagsúil leis na conclúidí ar ar tháinig Rīgas apgabaltiesas Krimināllietu tiesas kolē-ija (Cúirt Réigiúnach Ríge, an Rannán Coiriúil), i mbreithiúnas an 5 Feabhra 2021, atá tagtha chun bheith críochnaitheach, ar dá réir nach bhfuil Baltic Container ciontach i neamhchomhlíonadh a oibleagáidí faoi reachtaíocht chustaim an Aontais, de réir bhrí Airteagal 79 de Chód Custaim an Aontais.

35 Sna himthosca sin, chinn an Chúirt Uachtarach bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An gceadaítear le hAirteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán arna Tharmligean Uimh. 2015/2446, i gcomhar le hAirteagal 214(1) de Chód Custaim an Aontais an nós imeachta speisialta “[saorchrios]” a chomhlíonadh gan an [MRN] a bheith curtha sa chóras ríomhthaifead, ar máistir-uimhir thagartha í lena n-aithnítear an dearbhú custaim ar dá réir a chuimsítear na hearraí sa nós imeachta custaim ina dhiaidh sin?

(2) An gceadaítear, le hAirteagail 214(1) agus 215(1) de Chód Custaim an Aontais agus le hAirteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán arna Tharmligean Uimh. 2015/2446, don duine lena mbaineann an nós imeachta speisialta “[stóráil i saorchrios]” an nós imeachta sin a [urscaoileadh] ar bhonn nóta maidir le stádas custaim na n-earraí arna dhéanamh ag oifigeach údaráis custaim ar bhille iompair [CMR] agus ar an mbonn sin amháin, gan fíorú dó féin go bhfuil stádas custaim na n-earraí bailí?

(3) Má thugtar freagra diúltach ar an dara ceist le haghaidh réamhrialú, cén méid fíorúcháin is leor i gcomhréir le hAirteagail 214(1) agus 215(1) de Chód Custaim an Aontais agus le hAirteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán arna Tharmligean Uimh. 2015/2446 d’fhonn a chinneadh gur comhlíonadh an nós imeachta speisialta “[stóráil i saorchrios]” i gceart?

(4) An bhféadfadh ionchas dlisteanach a bheith ag an duine lena mbaineann an nós imeachta speisialta “[stóráil i saorchrios]” de bhun dearbhú ó na húdaráis custaim gur athraigh stádas custaim na n earraí ó “earraí nach earraí de chuid an Aontais” go “[h]earraí de chuid an Aontais”, bíodh is nár tugadh sa dearbhú sin an chúis le hathrú stádais na n-earraí sin ná aon sonra lenar ceadaíodh an chúis sin a fhíorú?

(5) Má thugtar freagra diúltach ar an gceathrú ceist le haghaidh réamhrialú, an ionann é agus foras chun bheith díolmhaithe ón bhfiach custaim dá bhforáiltear faoi Airteagal 79(1)(a) agus 3(a) de Chód Custaim an Aontais, i bhfianaise an phrionsabail *res judicata* arna leagan amach sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais, gur rialaíodh, trí bhreithiúnas críochnaitheach, in imeachtaí eile os comhair cúirte náisiúnta, i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan amach ag na húdaráis custaim, nach raibh aon sárú déanta ag an duine lena mbaineann i ndáil leis an nós imeachta “[saorchrios]”?’

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

36 Leis an gcéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 214(1) de Chód Custaim an Aontais agus Airteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar an sealbhóir a lua, ina thaifid, gur

urscaoileadh nós imeachta custaim an tsaorchreasa faoinar cuireadh na hearraí lena mbaineann gan MRN a lua, sna taifid sin, lena sainaithnítear an dearbhú custaim a chomhfhreagraíonn do na hearraí sin a chur faoi nós imeachta custaim nua.

37 Leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 214(1) de Chód Custaim an Aontais, ceanglaítear ar an sealbhóir taifid iomchuí a choimeád san fhoirm arna formheas ag na húdaráis chustaim. De réir an dara fomhír d'Airteagal 214(1), sna taifid sin beidh faisnéis agus sonraí a chuireann ar chumas na n-údarás custaim maoirseacht a dhéanamh ar an nós imeachta lena mbaineann, go háirithe i dtaca le sainaithint na n-earraí a chuirfear faoin nós imeachta sin, a stádas custaim agus a ngluaiseachtaí.

38 Sonraítear raon feidhme na hoibleagáide sin in Airteagal 178(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, ina liostaítear an fhaisnéis nach mór a bheith sna taifid sin agus ina leagtar síos, *inter alia*, na coinníollacha faoina gceanglaítear ar an sealbhóir MRN a áireamh sna taifid sin.

39 Go sonrach, maidir le hAirteagal 178(1)(b), leagtar amach san fhoráil sin dhá oibleagáid ar leith, eadhon nach mór a bheith sna taifid, ar an gcéad dul síos, MRN nó, i gcás nach ann dó, aon uimhir ná cód eile lena sainaithnítear na dearbhuithe custaim lena gcuirtear na hearraí faoin nós imeachta speisialta agus, ar an dara dul síos, i gcás inar urscaoileadh an nós imeachta, faisnéis maidir leis an gcaoi inar urscaoileadh an nós imeachta.

40 Maidir leis an gcéad cheann de na hoibleagáidí sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 41 dá Tuairim, faoi Airteagal 158(1) de Chód Custaim an Aontais, nach gá dearbhú custaim a dhéanamh chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim speisialta an tsaorchreasa agus mar thoradh air sin nach gcuirtear aon MRN in iúl tráth na hiontrála sin.

41 Baineann an dara ceann de na hoibleagáidí sin le hurscaoileadh an nós imeachta speisialta faoinar cuireadh na hearraí lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 215(1) den Chód sin, féadfar nós imeachta custaim speisialta an tsaorchreasa a urscaoileadh ar cheithre bhealach éagsúla. Ar an gcéad dul síos, i gcás ina gcuirtear na hearraí atá faoina réir faoi nós imeachta custaim nua, ar an dara dul síos, nuair a thugtar amach as críoch chustaim an Aontais iad, ar an tríú dul síos, i gcás inar scriosadh iad gan dramhaíl a fhágáil, agus, ar an gceathrú dul síos, nuair a thréigtear leis an Stát iad.

42 Sa chás seo, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur cuireadh na trí lasta atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi nós imeachta custaim speisialta an tsaorchreasa mar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad agus gur fhág siad go luath ina dhiaidh sin mar earraí de chuid an Aontais. Ní féidir athrú den sórt sin a dhéanamh ar stádas custaim na n-earraí lena mbaineann go dtí go gcuirfear faoin nós imeachta custaim iad maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht.

43 I gcomhréir le hAirteagal 201(3) de Chód Custaim an Aontais, tá stádas custaim earraí de chuid an Aontais le deonú d'earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a scaoiltear i saorchúrsaíocht. Is léir freisin ó Airteagal 247(1) den Chód sin, fad a bheidh siad i saorchrios, go bhféadfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

44 Chuige sin, tá na hearraí lena mbaineann faoi réir dearbhú custaim i gcomhréir le hAirteagal 158(1) den Chód Custaim, dá sanntar MRN, de réir bhrí Airteagal 1(22) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 agus faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 226 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2015/2447.

45 I gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 226 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2015/2447, ach amháin i gcás ina dtaiscfear an dearbhú custaim ó bhéal nó trí ghníomh a mheastar a bheith ina dhearbhú den sórt sin nó i gcás ina mbeidh sé i bhfoirm iontrála i dtaifid an dearbhóra, ní mór do na húdaráis chustaim MRN le haghaidh an dearbhaithe sin a chur in iúl don dearbhóir.

46 Is fíor, de réir an dara mír d'Airteagal 226, nach mbeidh feidhm ag an bhforáil sin roimh na dátaí ar a ndéanfar AES agus NCTS a imscaradh agus na córais náisiúnta allmhairiúcháin dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/255 a uasghrádú, faoi seach.

47 Mar sin féin, tá comhthuiscint ann go bhfuil an chéad cheist bunaithe ar dhá réamhthuiscint intuigthe. Ar an gcéad dul síos, ní thagann na fíorais sna príomhimeachtaí faoi cheann de na trí chás speisialta a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 226, nach dtugtar aon MRN ina leith. Is é an dara toimhde intuigthe ná go dtarlaíonn na fíorais sin i ndiaidh dháta imscartha AES agus NCTS agus dáta uasghrádaithe chórais allmhairiúcháin na Laitvia dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/255.

48 Dá bhrí sin, ní mór freagra na ceiste sin a bhunú ar an mbonn, murab ionann agus na hearraí lena mbaineann a chur faoin nós imeachta saorchreasa speisialta den chéad uair, gur cheart dearbhú custaim a bheith mar thoradh ar na hearraí sin a chur faoin nós imeachta custaim saorchúrsaíochta ina dhiaidh sin agus, dá bhrí sin, nuair a urscaoiltear an nós imeachta saorchreasa, gur cheart MRN a bheith ag an dearbhóir lena sainaithnítear an dearbhú sin.

49 É sin ráite, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gceanglaítear leis an dara ceanglas a leagtar síos in Airteagal 178(1)(b) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 ach go bhfuil faisnéis i dtaifid an tsealbhóra maidir leis an gcaoi inar urscaoileadh an nós imeachta gan a cheangal go mbeidh MRN sna taifid sin.

50 Ar an gcaoi chéanna, maidir le hAirteagal 178(1)(c) den Rialachán Tarmligthe sin, ceanglaítear leis an bhforáil sin nach mór na sonraí lenar féidir na doiciméid dá dtagraítear san fhoráil sin a shainaithint go soiléir a lua i dtaifid an sealbhóra, gan a cheangal go mbeidh MRN sna taifid sin.

51 Dá bhrí sin, ní cheanglaítear leis an bhforáil sin ar an sealbhóir MRN a lua ina thaifid lena sainaithnítear an dearbhú custaim as ar eascair urscaoileadh an nós imeachta custaim speisialta maidir le stóráil i saorchrios trí na hearraí lena mbaineann a chur faoin nós imeachta custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht.

52 Is é an freagra ar an gcéad cheist, dá bhrí sin, nach mór Airteagal 214(1) de Chód Custaim an Aontais agus Airteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar an sealbhóir a áireamh ina thaifid faisnéis maidir leis an gcaoi inar urscaoileadh an nós imeachta custaim an tsaorchreasa agus sonraí lena bhféadfar aon doiciméad, seachas dearbhú custaim, a bhaineann le hurscaoileadh a shainaithint, gan an MRN lena sainaithnítear an dearbhú custaim a bhaineann leis na hearraí lena mbaineann a chur faoi nós imeachta custaim nua a lua sna taifid sin.

An dara agus an tríú ceist

53 Leis an dara agus an tríú ceist, arb iomchuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 214(1) agus Airteagal 215(1) de Chód Custaim an Aontais agus Airteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 le léiriú sa chaoi:

– go gcuirtear cosc leo ar an sealbhóir urscaoileadh nós imeachta custaim speisialta an tsaorchreasa i ndáil le hearraí áirithe a iontráil ina thaifid agus ar an ócáid sin, gan a áireamh iontu ach faisnéis a bhaineann le bille iompair CMR a ghabhann leis na hearraí sin nuair a thugtar amach iad ón saorchrios lena mbaineann, lena léirítear stádas custaim na n-earraí sin, arna dheimhniú leis an stampa custaim agus arna shíniú ag oifigeach custaim;

– go gceanglaítear leo ar an sealbhóir fírinneacht an lua sin a fhíorú.

54 Sa chéad áit, is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil go léirítear i mbillí iompair CMR, a bhfuil an tásc lámhscríofa ‘stádas C’ orthu, arna dheimhniú leis an stampa custaim agus arna shíniú ag oifigeach custaim, go bhfuil stádas custaim na n-earraí lena mbaineann athraithe ó stádas custaim ‘earraí nach earraí de chuid an Aontais iad’ go stádas custaim ‘earraí de chuid an Aontais’. Mar sin féin, níl faisnéis atá sainráite go leor sna billí iompair sin maidir leis an mbealach beacht inar urscaoileadh an nós imeachta custaim speisialta le haghaidh stóráil i saorchrios. Dá bhrí sin, trí thagairt do bhillí iompair a áireamh i dtaifid an tsealbhóra ní chomhlíontar an dara ceanglas, a leagtar síos in Airteagal 178(1)(b) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, go n-áireofaí sna taifid faisnéis maidir leis an gcaoi inar urscaoileadh an nós imeachta atá i gceist, ná an ceanglas, a leagtar síos in Airteagal 178(1)(c) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, go n-áireofaí sna taifid sin sonraí lena bhféadfar aon doiciméad a bhaineann leis an urscaoileadh comhfhreagrach a shainaithint.

55 É sin ráite, ní mór a chur san áireamh, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 44 dá Tuairim, go bhforáiltear le hAirteagal 178(3) go bhféadfaidh na húdaráis chustaim an oibleagáid maidir le soláthar cuid den fhaisnéis dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 d’Airteagal 178 a tharscaoileadh, i gcás ina bhfuil sé sin gan dochar do mhaoirseacht chustaim agus do rialú custaim ar úsáid nós imeachta speisialta. Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a scrúdú ar tharscaoil údaráis chustaim na Laitvia, i gcomhréir le hAirteagal 178(3), oibleagáid an tsealbhóra faisnéis a áireamh ina thaifid maidir leis an gcaoi inar urscaoileadh an nós imeachta custaim speisialta an tsaorchreasa agus na sonraí lenar féidir aon doiciméad a bhaineann leis an urscaoileadh sin a shainaithint.

56 Dá bhrí sin, féadfaidh an sealbhóir a oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le taifid a choimeád a bhaineann le hurscaoileadh nós imeachta custaim speisialta an tsaorchreasa faoina gcuirtear earraí nach earraí de chuid an Aontais iad trí fhaisnéis a bhaineann le bille iompair CMR a ghabhann leis na hearraí sin nuair a fhágann siad an saorchrios lena mbaineann a chur san áireamh ina thaifid, lena léirítear, i bhfoirm tásc arna chur leis ag na húdaráis chustaim, stádas custaim na n-earraí sin, ar choinníoll gur tharscaoil na húdaráis sin an oibleagáid faisnéis níos sainráite a sholáthar maidir leis an gcaoi a ndéantar an nós imeachta custaim speisialta sin a urscaoileadh de bhun Airteagal 178(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, rud, sa chás sna príomhimeachtaí, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú.

57 Sa dara háit, maidir le fíorú léiriú an stádais custaim atá ar bhillí iompair CMR, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thugann an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 55 dá Tuairim, nach ndéantar tagairt sa Chód Custaim d'aon oibleagáid ar leith atá ar an sealbhóir cruinneas na ráiteas agus na sonraí eile sna doiciméid a sheoltar chuige a fhíorú.

58 Is fíor, mar ghairmí, nach mór don sealbhóir íosleibhéal airdill a léiriú. Mar sin féin, a mhéid nach léir, d'aon trádálaí, ó bhille iompair a léamh, go raibh amhras ann faoin tásc a luaitear ann, rud atá, sa chás atá i gceist sna príomhimeachtaí, faoin gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú, agus é á chur san áireamh gur deimhníodh an tásc maidir le stádas na n-earraí lena mbaineann a bhí ar an mbille iompair CMR leis an stampa custaim freisin agus gur shínigh oifigeach custaim é, ní féidir an sealbhóir a cháineadh as mainneachtain chruinneas an táisc sin a fhíorú.

59 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an dara ceist agus ar an tríú ceist nach mór Airteagal 214(1) agus Airteagal 215(1) de Chód Custaim an Aontais agus Airteagal 178(1) (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 a léiriú sa chaoi:

– nach gcuirtear cosc leo ar an sealbhóir urscaoileadh nós imeachta custaim speisialta an tsaorchreasa i ndáil le hearraí áirithe a iontráil ina thaifid agus ar an ócáid sin gan a áireamh iontu ach faisnéis nach mbaineann ach le bille iompair CMR a ghabhann leis na hearraí sin nuair a thugtar amach iad ón saorchrios lena mbaineann, lena léirítear stádas custaim na n-earraí sin, arna dheimhniú leis an stampa custaim agus arna shíniú ag oifigeach custaim, ar choinníoll go bhfuil an nós imeachta urscaoilte sin údaraithe ag na húdaráis chustaim de bhun Airteagal 178(3);

– ní chuireann siad de cheangal ar an sealbhóir fírinneacht an lua sin a fhíorú.

An ceathrú ceist

60 Leis an gceathrú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil prionsabal na cosanta d'ionchais dhlisteanacha le léiriú sa chaoi go bhféadfadh an léiriú ar stádas custaim earraí AE atá ar bhille iompair CMR a ghabhann leis na hearraí sin nuair a thugtar amach iad ón saorchrios, arna dheimhniú leis an stampa custaim agus arna shíniú ag oifigeach custaim, a bheith ina chúis le hionchas den sórt sin ar thaobh an tsealbhóra maidir le bailíocht athraithe ar stádas custaim na n-earraí sin faoin reachtaíocht chustaim, cé nach léirítear leis an mbille sin bunús an athraithe sin.

61 Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar réamhphointe, go dtagann an cheist sin chun cinn i gcás ina gcinneann an chúirt a rinne an tarchur, i bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an dara ceist agus ar an tríú ceist, nár ghlac údaráis chustaim na Laitvia, de bhun Airteagal 178(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, gníomh foirmiúil chun na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 178(1)(b) agus (c) den Rialachán sin a bhaineann leis an bhfaisnéis agus na sonraí a fhágann gur féidir na doiciméid a bhaineann le hurscaoileadh an nós imeachta custaim speisialta a shainaithint go soiléir nach mór a bheith i dtaifid an tsealbhóra.

62 Thairis sin, ós rud é, mar a luadh i mír 57 den bhreithiúnas seo, nach ndéantar tagairt sa Chód Custaim d'aon oibleagáid ar leith ar an sealbhóir cruinneas na sonraí atá sna doiciméid a seoladh chuici a fhíorú, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, maidir leis na coinníollacha faoinar féidir leis an sealbhóir brath ar ionchas dlisteanach go gcomhlíonfaidh a thaifid na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 178 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446.

63 Sna himthosca sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 69 dá Tuairim, tagann an cheist chun cinn, go háirithe, cén coinníollacha faoina bhféadfadh cleachtas comhsheasmhach riaracháin arb é atá ann ná tásc sínithe agus stampa lena léirítear gur deonaíodh stádas custaim earraí de chuid an Aontais do na hearraí sin a chur le billí iompair CMR a ghabhann le hearraí nuair a thugtar amach iad ón saorchrios, a thabharfadh le fios go bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais faighte ag na hearraí sin, ar thaobh an tsealbhóra, go bhfuil ionchas dlisteanach ann sa chaoi, de bhun Airteagal 178(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, gur tharscaoil na húdaráis chustaim an oibleagáid cuid den fhaisnéis dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal sin a sholáthar agus gur leor faisnéis nach mbaineann ach le billí iompair CMR atá curtha in iúl ag na húdaráis chustaim dá bhrí sin a áireamh i dtaifid an tsealbhóra.

64 De réir cásdlí socair, is cuid de dhlíchóras an Aontais é an prionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint agus tá sé ina cheangal ar aon údarás náisiúnta atá freagrach as dlí an Aontais a chur i bhfeidhm (breithiúnas an 14 Iúil 2022, *Sense Visuele Communicatie en Handel vof*, C-36/21, EU:C:2022:556, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

65 Dá bhrí sin, agus forálacha an Chóid Custaim á gcur chun feidhme, ceanglaítear ar na húdaráis náisiúnta an prionsabal sin a chomhlíonadh. Tá an ceart chun brath ar an bprionsabal sin, mar atoradh ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, ag aon duine aonair i gcás inar thug riarachán air ionchais a bhfuil údar leo a bheith aige. Is ionann faisnéis bheacht, neamhchoinníollach agus chomhsheasmhach a thagann ó fhoinsí údaraithe iontaofa agus dearbhuithe a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le hionchais den sórt sin, beag beann ar an bhfoirm ina gcuirtear in iúl í. Ar an taobh eile, ní fhéadfaidh duine sárú ar an bprionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint a phléadáil mura bhfuil dearbhuithe beachta tugtha dó ag an riarachán (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *an Liotuáin agus páirtithe eile* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle (Pacáiste soghluaisteachta)*, C-541/20 go C-555/20, EU:C:2024:818, mír 616). Ina theannta sin, ní fhéadfaidh iompar údaráis náisiúnta atá freagrach as dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, atá i gcoimhlint le foráil de dhlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta arna ghlacadh de bhun an dlí sin, a bheith ina chúis, ó thaobh oibreora eacnamaíoch de, le hionchas dlisteanach (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Iúil 2022, *Sense Visuele Communicatie en Handel*, C-36/21, EU:C:2022:556, míreanna 27 agus 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

66 I ndáil leis sin, ní mór a shonrú nach leagtar síos le hAirteagal 178(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 rialacha mionsonraithe ar dá réir a fhéadfaidh na húdaráis chustaim an oibleagáid a tharscaoileadh maidir le cuid den fhaisnéis dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal sin a sholáthar. Sna himthosca sin, maidir le cleachtas riaracháin comhsheasmhach lena meastar gur leor, chun críocha an nós imeachta custaim speisialta a urscaoileadh, an fhaisnéis a bhaineann le bille iompair CMR a ghabhann leis na hearraí lena mbaineann nuair a fhágann siad saorchrios a áireamh i dtaifid an tsealbhóra, mar aon leis an stádas custaim a léiriú, arna dheimhniú leis an stampa custaim agus arna shíniú ag oifigeach custaim, níl sé sin contrártha d'Airteagal 178(1)(b) agus (c) agus (3) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446.

67 Dá réir sin, féadfaidh an dílseánach brath, i gcás cleachtas den sórt sin, ar ionchas dlisteanach go gcomhlíonfaidh a thaifid Airteagal 178 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, go háirithe, má chuir na húdaráis chustaim in iúl don sealbhóir, san am atá thart, ar bhealach beacht, neamhchoinníollach agus comhsheasmhach, gur leor na sonraí a áireamh ina thaifid lena bhféadfaí bille iompair CMR ar a raibh an tásc sin a shainaithint chun go measfaí gur chomhlíon sé a chuid oibleagáidí faoin Airteagal sin. I gcás den sórt sin, féadfaidh an

sealbhóir ionchas dlisteanach a bheith aige gur tharscaoil na húdaráis chustaim, i gcomhréir le hAirteagal 178(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, an oibleagáid cuid den fhaisnéis dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal sin a sholáthar.

68 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an gceathrú ceist nach mór prionsabal an ionchais dhlisteanaigh a léiriú sa chaoi go bhféadfaidh an sealbhóir ionchas a bheith aige go gcomhlíonfaidh a thaifead Airteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 ar bhonn chleachtas comhsheasmhach na n-údarás custaim óna bhfuil sé soiléir go beacht agus gan choinníoll gur leor faisnéis a bhaineann le bille iompair CMR a ghabhann leis na hearraí lena mbaineann nuair a thugtar amach iad ón saorchrios a áireamh sna taifid sin, mar aon le léiriú lámhscríofa ar an stádas custaim, arna dheimhniú leis an stampa custaim agus arna shíniú ag oifigeach custaim, chun na hoibleagáidí a eascraíonn as an bhforáil sin a chomhlíonadh.

An cúigiú ceist

69 Leis an gcúigiú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar chur i bhfeidhm forála náisiúnta maidir le feidhm *res judicata*, lena gcuirtear d'oibleagáid ar chúirt Bhallstáit fiach custaim atá dlite ón sealbhóir a chur ar ceal de bhun Airteagal 79 de Chód Custaim an Aontais, ar an bhforas gur chinn cúirt an Bhallstáit sin a bhfuil dlínse aici chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an phionóis riaracháin a fhorchuirtear ar an sealbhóir sin i leith na n-oibríochtaí custaim céanna agus ar na forais chéanna leo siúd is cúis leis an bhfiach sin, i gcinneadh breithiúnach atá tagtha chun bheith críochnaitheach, nár mhainnigh an sealbhóir a oibleagáidí faoi reachtaíocht chustaim an Aontais a chomhlíonadh.

70 Ní mór a shonrú ag an tús go dtugtar an freagra ar an gceist sin i gcás ina measann an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, nár tharscaoil na húdaráis chustaim go foirmiúil, de bhun Airteagal 178(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, oibleagáidí ábhartha an tsealbhóra agus, ar an dara dul síos, nach féidir leis an sealbhóir, in imthosca an cháis sna príomhimeachtaí, brath ar ionchas dlisteanach go gcomhlíonfaidh a thaifid Airteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446.

71 É sin ráite, ba cheart a mheabhrú go bhfuil prionsabal *res judicata* tábhachtach i ndlíchóras an Aontais Eorpaigh agus sna dlíchórais náisiúnta araon. Chun cobhsaíocht an dlí agus na gcaidreamh dlíthiúla araon agus riar cuí an cheartais a áirithiú, tá sé tábhachtach nach féidir cinntí breithiúnacha atá tagtha chun bheith cinntitheach tar éis gach leigheas dlí a bheith ídithe nó tar éis dhul in éag na dteorainneacha ama a leagtar síos le haghaidh imeachtaí den sórt sin a thabhairt faoi cheist a thuilleadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Aibreán 2022, *Avio Lucos*, C-116/20, EU:C:2022:273, mír 92 agus an cásdlí dá dtagraítear).

72 Dá bhrí sin, ní cheanglaítear le dlí an Aontais ar an gcúirt náisiúnta gan rialacha nós imeachta náisiúnta lena dtugtar feidhm *res judicata* do chinneadh a chur i bhfeidhm, fiú dá bhfágfadh sé sin go bhféadfaí staid náisiúnta atá ar neamhréir le dlí an Aontais a leigheas. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear le dlí an Aontais, d'fhonn léiriú ar fhoráil ábhartha den dlí sin arna ghlacadh ag an gCúirt a chur san áireamh, nach mór do chomhlacht breithiúnach náisiúnta, mar phrionsabal, cinneadh a bhfuil feidhm *res judicata* aige a fhreaschur (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *CRPNPAC agus Vueling Airlines*, C-370/17 agus C-37/18, EU:C:2020:260, míreanna 89 agus 90 agus an cásdlí dá dtagraítear).

73 In éagmais reachtaíocht an Aontais sa réimse sin, is ábhar le haghaidh an dlíchórais náisiúnta na rialacha lena gcuirtear chun feidhme an prionsabal *res judicata*, i gcomhréir le prionsabal neamhspleáchais nósanna imeachta Bhallstáit an Aontais. Mar sin féin, ní fhéadfaidh na rialacha mionsonraithe sin a bheith níos mífhabhraí ná na rialacha lena rialaítear cásanna inmheánacha comhchosúla (prionsabal na coibhéise) ná a bheith leagtha síos ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé dodhéanta nó ródheacair na cearta a thugtar i ndlíchóras an Aontais a fheidhmiú (prionsabal na héifeachtachta) (breithiúnas an 7 Aibreán 2022, *Avio Lucos*, C-116/20, EU:C:2022:273, mír 100 agus an cásdlí dá dtagraítear).

74 Ina theannta sin, ní mór anailís a dhéanamh ar gach cás ina dtagann an cheist chun cinn i dtaobh an bhfágann foráil náisiúnta nós imeachta go bhfuil cur i bhfeidhm dhlí an Aontais dodhéanta nó ródheacair trí thagairt a dhéanamh do ról na forála sin sa nós imeachta, dá sheoladh agus dá ghnéithe speisialta, a mheastar ina n-iomláine, os comhair na gcomhlachtaí náisiúnta éagsúla. Ón taobh sin de, is gá a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, na prionsabail atá mar bhunús leis an gcóras breithiúnach náisiúnta, amhail cosaint chearta na cosanta, prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus seoladh cuí an nós imeachta (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *CRPNPAC agus Vueling Airlines*, C-370/17 agus C-37/18, EU:C:2020:260, mír 93).

75 Dá bhrí sin, cinneadh go gcuirtear cosc le prionsabal na héifeachtachta ar léiriú ar an bprionsabal *res judicata* a chuirfeadh oibleagáid ar an gcúirt náisiúnta léiriú agus cur i bhfeidhm mícheart dhlí an Aontais a atáirgeadh toisc, cé go bhfuil ábhar difriúil i gceist, go mbaineann an cás atá ar feitheamh os a comhair leis an gcaidreamh dlíthiúil céanna nó leis an bpointe bunúsach céanna arna chinneadh le cinneadh breithiúnach a bhfuil feidhm *res judicata* aige. Ní féidir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla údar réasúnach a thabhairt le bacainní den sórt sin ar chur i bhfeidhm éifeachtach rialacha dhlí an Aontais agus, dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil siad contrártha do phrionsabal na héifeachtachta (féach, chuige sin, breithiúnais an 3 Meán Fómhair 2009, *Fallimento Olimpiclub*, C-2/08, EU:C:2009:506, míreanna 29 go 31; an 2 Aibreán 2020, *CRPNPAC agus Vueling Airlines*, C-370/17 agus C-37/18, EU:C:2020:260, míreanna 94 go 96, agus an 7 Aibreán 2022, *Avio Lucos*, C-116/20, EU:C:2022:273, míreanna 102 go 104).

76 Níl ar an gcúirt a rinne an tarchur léiriú agus cur i bhfeidhm mícheart ar dhlí an Aontais a atáirgeadh mar thoradh ar chinneadh breithiúnach a rialaigh go cinntitheach ar chaidreamh dlíthiúil nó ar phointe bunúsach atá i gceist i ndíospóid a bhaineann le hábhar eile.

77 Ar an gcéad dul síos, baineann an cás a chinn Rīgas apgabaltiesas Krimināllietu tiesas kolē-ija (Cúirt Réigiúnach Ríge, an Rannán Coiriúil) agus an cás sna príomhimeachtaí leis na hoibríochtaí custaim céanna.

78 Ar an dara dul síos, is fíor go bhféadfadh roinnt iarmhairtí dlíthiúla a bheith ag mainneachtain oibleagáid chustaim a chomhlíonadh, amhail príomhfhiach custaim a thabhú, arb é atá ann dleachtanna ar allmhairí agus CBL, ar thaobh amháin, agus na pionóis ghaolmhara, ar an taobh eile. Mar is léir ón iarraidh ar réamhrialú, áfach, tá an príomhfhiach agus na pionóis ghaolmhara ar íocaíocht dhéanach iníoctha ag an sealbhóir de bhun an chinnidh chéanna ón údarás cánach agus, in aon chás, tá siad bunaithe ar an mainneachtain líomhnaithe na hoibleagáidí céanna a bhaineann le taifid an tsealbhóra a chomhlíonadh leis na hoibleagáidí lena mbaineann an cás a d'éist Rīgas apgabaltiesas Krimināllietu tiesas kolēija (an Chúirt Réigiúnach, Ríge, an Rannán Coiriúil).

79 Sna himthosca sin, a mhéid a foráiltear le dlí na Laitvia do riail ar dá réir atá na cúirteanna riaracháin faoi cheangal ag cinntí na gcúirteanna coiriúla, ba cheart, i bprionsabal, an agóid i gcoinne na mainneachtana líomhnaithe sin, a ardaíodh in imeachtaí breithiúnacha a bhaineann leis na hidirbhearta custaim céanna, a réiteach go haonfhoirmeach. Ní féidir le prionsabal na héifeachtachta bac a chur ar chomhlíonadh fheidhm *res judicata* cinnidh bhreithiúnaigh atá tagtha chun bheith críochnaitheach, ar choinníoll nach mbeidh éifeachtaí ag an gcomhlíonadh sin i ndáil le díospóidí seachas iad siúd a chaitheann amhras ar dhlíthiúlacht an chinnidh riaracháin chéanna nó ar aicmiú dlíthiúil na bhfíoras a bhaineann leis na hoibríochtaí custaim céanna.

80 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an gcúigiú ceist ná nach gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar chur i bhfeidhm forála náisiúnta maidir le feidhm *res judicata*, lena gcuirtear d'oibleagáid ar chúirt Bhallstáit fiach custaim atá dlite ón sealbhóir a chur ar ceal de bhun Airteagal 79 de Chód Custaim an Aontais, ar an bhforas gur chinn cúirt de chuid an Bhallstáit sin a bhfuil dlínse aici chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an phionóis riaracháin arna fhorchur ar an sealbhóir sin i leith na n-oibríochtaí custaim céanna agus ar na forais chéanna is cúis leis an bhfiach sin, i gcinneadh breithiúnach atá tagtha chun bheith críochnaitheach, nár mhainnigh an sealbhóir a oibleagáidí faoi reachtaíocht chustaim an Aontais a chomhlíonadh.

Costais

81 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 214(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013, lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, agus Airteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leo ar an sealbhóir a áireamh ina thaifid faisnéis maidir leis an gcaoi inar urscaoileadh nós imeachta custaim an tsaorchreasa agus sonraí lena bhféadfar aon doiciméad, seachas dearbhú custaim, a bhaineann le hurscaoileadh a shainaithint, gan an MRN lena sainaithnítear an dearbhú custaim a bhaineann leis na hearraí lena mbaineann a chur faoi nós imeachta custaim nua a lua sna taifid sin.

2. **Maidir le hAirteagal 214(1) agus Airteagal 215(1) de Rialachán Uimh. 952/2013 agus Airteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

– **ní chuirtear cosc leo ar shealbhóir atá údaraithe chun gníomhaíochtaí a dhéanamh i saorchrios urscaoileadh nós imeachta custaim speisialta an tsaorchreasa i ndáil le hearraí áirithe a iontráil ina thaifid agus, ar an ócáid sin, gan a áireamh iontu ach faisnéis a bhaineann le bille iompair arna dhréachtú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an gConradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar, a síníodh sa Ghinéiv an 19 Bealtaine 1956, arna leasú le Prótacal an 5 Iúil 1978, a ghabhann leis na hearraí sin nuair a thugtar amach iad ón saorchrios lena mbaineann, lena léirítear stádas custaim na n-earraí sin, arna dheimhniú leis an stampa custaim agus arna shíniú ag oifigeach custaim, ar choinníoll go mbeidh an nós imeachta urscaoilte sin údaraithe ag na húdaráis chustaim de bhun Airteagal 178(3);**

– **ní chuireann siad de cheangal ar shealbhóir ceadúnais gníomhaíochtaí a dhéanamh i saorchrios fírinneacht an lua sin a fhíorú.**

3. **Maidir le prionsabal an ionchais dhlisteanaigh,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

féadfaidh sealbhóir atá údaraithe chun oibriú i saorchrios ionchas a bheith aige go gcomhlíonfaidh a thaifid Airteagal 178(1)(b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 ar bhonn chleachtas comhsheasmhach na n-údarás custaim óna bhfuil sé soiléir go beacht agus gan choinníoll gur leor faisnéis a bhaineann le bille iompair arna dhréachtú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an gConradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar, arna shíniú sa Ghinéiv an 19 Bealtaine 1956, arna leasú le Prótacal an 5 Iúil 1978, a ghabhann leis na hearraí lena mbaineann nuair a thugtar amach iad ón saorchrios a áireamh sna taifid sin, mar aon le léiriú lámhscríofa ar an stádas custaim, arna dheimhniú leis an stampa custaim agus arna shíniú ag oifigeach custaim, chun na hoibleagáidí a eascraíonn as an bhforáil sin a chomhlíonadh.

4. **Ní chuirtear cosc le dlí an Aontais ar chur i bhfeidhm forála náisiúnta maidir le feidhm *res judicata*, lena gcuirtear d'oibleagáid ar chúirt Bhallstáit an fiach custaim atá dlite ó shealbhóir atá údaraithe chun gníomhaíochtaí a dhéanamh i saorchrios a chur ar ceal de bhun Airteagal 79 de Rialachán Uimh. 952/2013, ar an bhforas gur chinn cúirt de chuid an Bhallstáit sin, a bhfuil dlínse aici chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an phionóis riaracháin arna fhorchur ar shealbhóir an údaraithe sin chun gníomhaíochtaí a dhéanamh i leith na n-oibríochtaí custaim céanna agus ar na forais chéanna is cúis leis an bhfiach sin, i gcinneadh breithiúnach atá tagtha chun bheith críochnaitheach, nár mhainnigh an sealbhóir sin a oibleagáidí faoi reachtaíocht chustaim an Aontais a chomhlíonadh.**

Sínithe